



2020/2041(INI)

8.9.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Fhorbairt

maidir le straitéis nua idir AE agus an Afraic – comhpháirtíocht d'fhorbairt
inbhuanaithe agus chuimsitheach
(2020/2041(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Manuel Bompard

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- ag féachaint don Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, an 9 Márta 2020, dar teideal ‘I dtreo Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic’ (JOIN(2020)0004),
 - ag féachaint do thuarascáil an Tascfhórsa don Afraic Thuaithe an 7 Márta 2019,
 - ag féachaint do dhearbhu na Náisiún Aontaithe maidir le cearta na dtuathánach agus daoine eile a oibríonn i gceantair thuaithe,
 - ag féachaint don chinneadh ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i dtaobh Deich mBliana na Feirmeoireachta Teaghlaigh a fhógairt ó 2019 go 2028,
 - ag féachaint do Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030,
1. á chur in iúl gur geal léi go moltar sa chomhpháirtíocht nua idir AE agus an Afraic cleachtais talmhaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt agus ábhair inní a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chomhtháthú; á chur in iúl gur cúis inní di, áfach, go bhfuil stáit na hAfraice ag brath go mór ar allmhairí bia; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur gá comhleanúnachas bheartais talmhaíochta agus trádála na hEorpa i bhfabhar na forbartha inbhuanaithe a ráthú trína áirithiú go ndéanfar an anailís a dhéantar ar an tionchar a bhíonn acu ar chuspóirí forbartha inbhuanaithe, ar chearta an duine agus ar chearta na dtuathánach beag agus na bpobal eile atá ina gcónaí i limistéir tuaithe a chur chun feidhme; ag tacú le forbairt deiseanna trádála idir na hilchríocha, agus cosaint agus cumhdach do tháirgí íogaire talmhaíochta á gcur san áireamh le go mbeidh réigiúin in ann feabhas a chur ar a n-acmhainneacht táirgthe; á chur i bhfios nach mór do chomhaontuithe trádála cloí le prionsabal na trádála córa ar mhaithe leis an talmhaíocht áitiúil agus, ag an am céanna, a áirithiú go mbeidh fáil ar bhia a tháirgtear go hinbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach gcuirfidh comhaontuithe trádála isteach ar thalmhaíocht áitiúil, nach ndéanfaidh siad damáiste do tháirgeoirí beaga agus nach ndéanfaidh siad spleáchas mhór-roinn na hAfraice ar allmhairí bia níos measa;
 2. á iarraidh ar AE comhar idir an dá ilchríoch a threisiú ar bhealach marthanach, lena n-áirítear saineolas agus comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta mar aon le malartú dea-chleachtas talmhaíochta; á chur i bhfios go mbaineann tábhacht lárnach le hearnáil na talmhaíochta agus an bhia do gheilleagar agus sochaí na hAfraice agus AE araon; á mheas go bhfuil forbairt earnála inbhuanaithe talmhaíochta agus na gceantar tuaithe ina bunchloch den fhéidearthacht atá ann do chruthú post agus don fhorbairt inbhuanaithe san Afraic, agus gur cheart, dá bhrí sin, í a bheith i gcoilár an chaidrimh idir AE agus an Afraic; á iarraidh ar AE seasamh nithiúil straitéiseach a fhorbairt chun bainistiú inbhuanaithe an gheilleagair acmhainní nádúrtha le slabhraí luacha inbhuanaithe a chur chun cinn tuilleadh, agus feabhas a chur ar an gcomhar idir AE agus an Afraic agus béim á leagan ar thodhchaí aeráidneodrach a mhúnlú chun timpeallacht a chruthú

d'infheistíochtaí inbhuanaithe níos aeráidseasmhaí, do cruthú luacha áitiúil méadaithe agus d'fhostaíocht áitiúil; á mheas nach mór do AE comhar leis an Afraic a fhorbairt go suntasach ó thaobh cleachtais forbartha tuaithe agus cleachtais agrai-éiceolaíocha de, mar bhunchloch don inbhuanaitheacht éiceolaíoch, shóisialta agus eacnamaíoch agus mar rud a rachaidh chun tairbhe d'fheirmeoirí beaga agus do phobail trína ndéanamh níos neamhthuilleamaíche agus trí thalmhaíocht na hAfraice a dhéanamh níos athléimní i gcoinne an athraithe aeráide; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit oibriú go gníomhach in éineacht le comhpháirtithe na hAfraice chun sineirgí a chruthú, idir an straitéis idir AE agus an Afraic, beartais an Chomhaontaithe Ghlais, go háirithe an ghné sheachtrach den straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', agus beartais trádála, iad a ailíniú leis an mbeartas forbartha agus leis na gealltanais maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (CBF) agus gníomhaíochtaí nithiúla a chur leo, i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), lena dtacaítear go gníomhach leis an aistriú chuig córais inbhuanaithe agrairbhia, agus béim á chur ar shlabhraí soláthair gearra a fhorbairt mar aon le táirgeadh áitiúil, dáileadh agus caitheamh áitiúil, a rachaidh chun tairbhe na ndaoine, an dúlra agus an gheilleagair;

3. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá earnáil na talmhaíochta agus an bhia san Afraic ó thaobh deiseanna don fhostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe chur ar fáil i gceantair thuaithe de; á chur i bhfáth go mbíonn sciar suntasach de lucht saothair na hAfraice, go háirithe mná agus daoine óga, ag brath ar tháirgeadh, próiseáil agus dáileadh bia talmhaíochta ar mhaithe lena slite beatha, lena n-ioncam agus le fostaíocht dhíreach; á chur i bhfios go láidir go mbaineann sé sin, den chuid is mó, le gabháltais bheaga agus le feirmeacha teaghlaigh; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé bearta agus uirlisí a chur chun cinn agus a fheabhsú chun tacú le cáilíocht táirgí a mhéadú, le héagsúlú táirgí, le cleachtais talmhaíochta a nuachóiriú, le dálaí sábháilte oibre agus le bearta chun athléimneacht feirmeoirí a neartú, go háirithe mná agus an ghlúin óg; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú gur chun tairbhe frithpháirteach an dá ilchríoch a bheidh an Chomhpháirtíocht idir AE agus an Afraic i ndáil le deiseanna margaidh, malartú eolais, slabhraí luacha córa agus rochtain ar uirlisí agus bearta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide chomh maith le tacaíocht a thabhairt dóibh; á iarraidh go ndéanfar, leis an gComhpháirtíocht idir AE agus an Afraic, béim láidir a chur ar an talmhaíocht agus ar fhorbairt tuaithe chun cobhsaíocht eacnamaíoch agus cáilíocht saoil a chur chun cinn i gceantair thuaithe;
4. á chur i bhfios go láidir gur féidir le húsáid lotnaidicídí sa diantalmhaíocht san Afraic tionchar a imirt ar shláinte oibríthe ar beag rochtain atá acu ar oiliúint maidir le cosaint plandaí agus ar chúram sláinte, anuas ar dhamáiste a dhéanamh don chomhshaol; á iarraidh go gcuirfeadh oideachas agus oiliúint ar fáil maidir le cuir chuige cosanta plandaí agus roghanna malartacha ar lotnaidicídí agus go ndéanfar nochtadh do shubstaintí guaiseacha a íoslághdú; ag cáineadh na gcaighdeán dúbailte maidir le lotnaidicídí a chuir AE i bhfeidhm trí chead a thabhairt substaintí guaiseacha, a bhfuil toirmeasc orthu in AE, a onnmhairiú go tíortha na hAfraice agus go tríú tíortha eile; á iarraidh, dá bhrí sin, go modhnófar rialacha reatha AE chun deireadh a chur leis an neamhleanúnachas dlíthiúil sin, i gcomhréir le Coinbhinsiún Rotterdam 1998 agus leis an gComhaontú Glas;
5. á chur i bhfáth go gcuireann cailíní óga agus mná go mór le geilleagair thalmhaíochta agus thuaithe ar fud mhór-roinn na hAfraice; á mheabhrú gur mná a dhéanann nach mór

leath den obair thalmhaíochta san Afraic, cé gur feirmeoirí beaga nó cothaithe den chuid is mó iad na banfeirmeoirí agus nach mbíonn an rochtain is gá acu ar fhaisnéis, ar chreidmheas ná ar thalamh; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, tacú agus cur le cumhachtú cailíní óga agus na mban san Afraic; á iarraidh ar AE tacú le tíortha comhpháirtíochta, go háirithe trí bhíthin feabhas a chur ar a ndlíthe maoinne, trí aitheantas a thabhairt do cheart uilíoch na mban teidlíocht iomlán a bheith acu a bheith ina n-úinéirí talún;

6. á chur in iúl gur cúis mhór inní di go bhfuil ag géarú ar an dífhoraoisiú san Afraic, áit, mar shampla a raibh Abhantrach an Chongó, i Márta 2020, ar an dara réigiún is dífhoraoisithe ar domhan, agus níos mó ná méadú faoi dhó tagtha ar an limistéar dífhoraoisithe i gcomparáid leis na blianta roimhe sin; á chur i bhfios go gcailltear bithéagsúlacht agus linnte carbóin go deo mar thoradh ar scriosadh na bhforaoisí trópaiceacha agus go gcailltear freisin gnáthóga agus bealaí maireachtála na bpobal dúchasach atá ina gcónaí sna foraoisí; á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh gan mhoill le haghaidh creat díchill chuí ceangailteach Eorpach bunaithe ar threoirlínte ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó; á iarraidh ar chuideachtaí Eorpacha sáruithe ar chearta an duine agus ar chearta an chomhshaoil sna slabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear slabhraí fochonraitheoireachta, a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach gníomhaí eacnamaíoch i ngach earnáil, go háirithe na hearnálacha sin a meastar ardriosca a bheith ag baint leo i dtíortha atá i mbéal forbartha, amhail amhábhair, cacó, caife agus foraoiseacht, a shainaithint, a chosc agus a thuairisciú; á iarraidh go ndéanfarforálacha ceangailteacha a áireamh i gcomhaontuithe trádála le stáit san Afraic; ag tathant ar AE oibriú i gcomhar le rialtais agus le gníomhaithe domhanda trí bhíthin comhaontuithe comhpháirtíochta, chun cur chuige comhsheasmhach a chothú ar an leibhéal domhanda ar mhaithe le pleananna gníomhaíochta comhpháirteacha a fhorbairt chun foraoisí, uiscí agus éiceachórais mhuirí a chosaint agus a bhainistiú níos fearr, faoi Chomhaontú Pháras agus faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;
7. á mheabhrú go gcuireann foraoisí go mór le spriocanna aeráide a bhaint amach, leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus le fairsingiú fásaigh agus creimeadh foireneach ithreach a chosc; á chur i bhfáth gur cheart go dtacóidh iarrachtaí comhpháirteacha AE agus na hAfraice le forbairt talmhaíochta agus foraoiseachta aeráidseasmhaí, le forbairt inbhuanaithe tuaithe agus le córais shábháilte agus inbhuanaithe bhia, atá riachtanach chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, leis an ocras agus leis an míchothú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an chomhlántacht idir caomhnú na talmhaíochta, an fhiadhúlra agus na bithéagsúlachta a áirithiú, agus á áitiú gur gá cleachtas inbhuanaithe talmhaíochta amhail an agraforaoiseacht a chur chun cinn, in ionad cleachtas mhonashaothraithe lena ndéantar ithreacha agus an bithéagsúlacht a ídiú, lena n-úsáidtear níos mó talún agus lena dtéann soláthar cothaithe sna pobail áitiúla in olcas; á thabhairt chun suntais gur ann do scéimeanna caomhnaithe lena dtéitear i mbun gníomhaíochta le feirmeoirí a ligeann a gcuid talún amach ar léas ar mhaithe leis an bhfiadhúlra a chosaint, lena gcuirtear poist áitiúla ar fáil agus lena ndéantar cómháireachtáil le speicis fhiáine a fheabhsú; á chur in iúl, i ndáil leis sin, gur geal léi an tionscnamh NaturAfrica, a bhfuil sé mar aidhm leis an fíadhúlra agus éiceachórais a chosaint agus, ag an am céanna, deiseanna a chur ar fáil in earnálacha glasa do phobail áitiúla;
8. á chur i bhfáth gur cheart go ndéanfadh an tAontas Eorpach a áirithiú go gcuirtear na

hardchaighdeáin sábháilteachta agus inbhuanaitheachta chéanna i bhfeidhm, don táirge agus don mhodh táirgthe ar aon, go háirithe i bhfianaise uaillmhian níos airde na straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030;

9. á chur in iúl gurb oth léi an easpa aitheantais a thugtar don tábhacht straitéiseach a bhaineann le raonchríocha, a chlúdaíonn thart ar 43 % de dhromchla na talún san Afraic agus ar linnte carbóin tábhachtacha dá bhrí sin iad. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a fhorbairt, i gcomhar le pobail áitiúla agus le geallsealbhóirí áitiúla, chun an acmhainneacht sin a bharrfheabhsú trí bhainistiú inbhuanaithe féaraigh, mar a dhéanann tréadaithe, mar shampla;
10. ag cáineadh a choitianta atá an ghrabáil talún san Afraic; á mheabhrú gur cleachtas brúidiúil í nach bhfuil i gcomhréir le haon chuspóir biafhlaithis agus a chuireann marthanais na bpobal áitiúil Afracach i mbaol; á chur i bhfáth go bhfuil mór-roinn na hAfraice, a bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh fás suntasach déimeagrafach agus méadú 2,5 billiún ar an daonra inti faoi 2050, fós ar an réigiún is mó atá thíos leis an míchothú; á mheabhrú go bhfuil rochtain ar thalamh riachtanach chun slándáil bia a áirithiú; á chur i bhfios go láidir gur minic a thagann méadú ar eastáitiú agus ar sháruithe ar chearta an duine mar thoradh ar mhéadú ar chomhchruinniú talún, agus go gcuireann saothrú amhábhhar san Afraic leis na coinbhleachtaí atá ann cheana nó go gcruthaíonn sé coinbhleachtaí nua agus, i gcomhar leis an ngrabáil talún, go ndéantar na pobail áitiúla a dhúshaothrú agus a chur faoi chois; á iarraidh go mbeidh straitéis fhadtéarmach talmhaíochta ann chun slándáil bia na hAfraice a chur chun cinn agus chun go ndéanfaidh údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla cearta talún a chomhtháthú agus prionsabail a ghlacadh maidir le rialachas feabhsaithe talún; á chur i bhfáth gur gá próiseas cuimsitheach a sheoladh maidir le forbairt, cur chun feidhme agus faireachán beartas agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngrabáil talún, a mbeidh gníomhaithe áitiúla agus eagraíochtaí ón tsochaí sibhialta páirteach go hiarbhír ann; á iarraidh go gcloífead le treoirlínte VGGT i ngach tionscadal lena gcuirtear cosaint cearta talún chun cinn, lena n-áirítear i gcúrsaí trádála, agus freisin go n-áiríteofar le bearta nach bhfuil cearta talún feirmeoirí beaga á gcur i mbaol ag na tionscadail;
11. ag tabhairt dá haire, mar shampla, gur cearta traidisiúnta maidir le húsáid talún iad cearta féaraigh agus féarach pobail atá bunaithe ar an dlí coiteann agus ní ar chearta maoinne atá urrúsaithe; ag cur béim, áfach, ar a fhíorthábhachtaí atá sé na cearta coiteanna sin a chosaint do na pobail tuaithe;
12. ag tathant ar na Ballstáit agus ar AE cur go mór leis an méid de chabhair forbartha poiblí a leithdháiltear ar thíortha san Afraic, ag díriú ar chuspóirí forbartha sóisialta, eacnamaíche agus comhshaoil agus ar thaighde agus oiliúint talmhaíochta, agus beartais maidir le caomhnú na bithéagsúlachta agus oiriúnú don athrú aeráide go háirithe á gcur san áireamh chun cabhrú le feirmeoirí san Afraic dul in oiriúint do ghéarchéim na haeráide de réir mar is gá; á iarraidh go n-aithneofar an agra-éiceolaíocht mar an bunús atá le córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bhia agus go ndéanfar bonneagar agus slabhraí luacha níos fearr a fhorbairt d’fheirmeoirí áitiúla; á thabhairt chun suntais, ina theannta sin, na deiseanna agus an acmhainneacht atá ag comhpháirtíochtaí san earnáil phríobháideach na cuspóirí sin a bhaint amach; á chur i bhfáth nach mór do chomhpháirtíochtaí le gníomhaithe príobháideacha a bheith faoi réir critéir bheachta roghnúcháin, faireachán poiblí, próisis mheastóireachta agus sásraí neamhspleácha

gearáin; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór tacaíocht don earnáil phríobháideach a bheith coinníollach ar urraim do chearta an duine agus ar aitheantas don cheart chun bia; á chur i bhfáth go gcaithfear cabhair cheangailte, lena gcuirtear rochtain ar an maoiniú sin ó chuideachtaí Eorpacha chun cinn, a eisiamh; á chur i bhfios go láidir nach mór ról agus rannchuidithe iomadúla gníomhaithe áitiúla agus eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta a aithint sa chomhpháirtíocht nua idir AE agus an Afraic agus gur gá, dá bhrí sin, iad a bheith rannpháirteach i ngach leibhéal den idirphlé polaitiúil agus beartais agus in ullmhúchán, i bhfaireachán agus i meastóireacht pleananna cur chun feidhme; á chur i bhfios gur fearr a bhaintear athrú amach san Afraic nuair a dhéantar dea-rialachas agus dáileadh trédhearcach cabhrach a chúiteamh agus nuair a dhéantar mí-úsáid a phionósú;

13. á chur in iúl gur geal léi an togra ón Tascfhórsa don Afraic Thuaithe chun Clár Eamhnaithe idir an Eoraip agus an Afraic a bhunú, ar clár é a leathnófar chun comhlachtaí talmhaíochta ó Bhallstáit AE agus ó tíortha comhpháirtíochta san Afraic a nascadh, amhail eagraíochtaí agus comharchumainn feirmeoirí agus eagraíochtaí do mhná faoin tuath agus don óige i measc eagraíochtaí eile, agus a mbeidh sé mar aidhm leis dea-chleachtais a roinnt agus caidrimh a chothú idir comhpháirtithe atá an-ghníomhach agus comhchosúil; á chur i bhfáth gur ullmhaigh an Tascfhórsa don Afraic Thuaithe idir AE agus an Afraic liosta de bhearta in 2018 chun táirgeadh bia na hAfraice féin a mhéadú, agus gur bunús ábhartha é an liosta seo go fóill don Chomhpháirtíocht idir AE agus an Afraic, agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an ról a d'fhéadfadh a bheith ag eagraíochtaí agus ag comharchumainn feirmeoirí san Afraic chun feabhas a chur ar chumhacht margála feirmeoirí agus ar a n-ioncam, chun rochtain ar threalamh agus ar sheirbhísí a éascú, agus chun rioscaí a bhaineann le margaíocht táirgí a laghdú; á mheas go n-eascródh tairbhí frithpháirteacha as taithí a roinnt idir eagraíochtaí san Afraic agus san Eoraip;
14. á mholadh d'eagraíochtaí gairmiúla talmhaíochta san Afraic agus san Eoraip comhoibriú chun a ról maidir le freagairt do dhúshláin choiteanna na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn, agus chun malartú cleachtas a fhorbairt maidir le slabhraí luacha agus táirgeadh a eagrú;
15. á iarraidh ar an gComhpháirtíocht idir AE agus an Afraic a cuid iarrachtaí i réimse na talmhaíochta a dhíriú ar an gceart chun biafhlaithis atá ag tíortha na hAfraice a chosaint, ar a slándáil bia a mhéadú mar thosaíocht mar aon leis an gcumas atá acu freastal ar riachtanais chothaithe a bpobal, go háirithe ó thaobh próitéiní de, agus ar fheirmeoireacht agra-éiceolaíoch áitiúil, mhionscála agus teaghlaigh a chur chun cinn lena ráthaítear slándáil bia agus chothaithe do chách mar aon le hathléimneacht níos fearr i gcoinne géarchéimeanna, go háirithe an ghéarchéim aeráide, agus béim á chur ar bhia inbhuanaithe agus sláintiúil a tháirgeadh agus ar dhea-bhail shóisialta agus eacnamaíoch na bhfeirmeoirí; á éileamh go ndéanfar fócas ar chomhaontuithe comhair AE a aistriú ar ais go tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt inbhuanaithe na talmhaíochta agus go feirmeoirí trí tíortha a dhéanamh neamhthuilleamaíoch; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé margaí réigiúnacha agus áitiúla a chruthú san Afraic chun líonraí áitiúla dáileacháin agus chun slándáil bia a dhéanamh níos athléimní; á mheabhrú gur cheart deireadh leis an míchothú de gach cineál agus SFI 2 (Saoirse ón Ocras) a áireamh mar thosaíochtaí sa chomhpháirtíocht nua; á chur i bhfios go láidir gur cheart cruthú córas talmhaíochta agus bia atá sábháilte agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí

bheartais réigiúnacha talmhaíochta, trí chleachtais feirmeoireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, trí tháirgeadh áitiúil, trí limistéir thuaithe atá slán agus tríd an mbithéagsúlacht agus acmhainní nádúrtha a chosaint chomh maith le caighdeáin sláintíochta agus fiteashláintíochta a thabhairt isteach; ag tabhairt dá haire gurb é sábháil agus malartú cineálacha áitiúla síolta an bealach is saoire, is tapa agus is éifeachtaí, ó thaobh costais táirgthe feirmeoirí agus caiteachas poiblí ar bheartas talmhaíochta araon de, chun cineálacha áitiúla síolta a oiriúnú don athrú aeráide, rud a dhéanann spleáchas ar ionchur a sheachaint agus neamhspleáchas d'fheirmeoirí agus do shlándaíl bia níos leithne a áirithiú;

16. á thabhairt chun suntais go bhfuil baol ann go ndéanfar roinnt barrachais talmhaíochta, amhail púdar bainne, a gineadh le linn ghéarchéim COVID-19, a onnmhairiú chuig tíortha is lú forbairt, rud a fhágfaidh go rachfar in iomaíocht le táirgeadh áitiúil agus go gcruthófar damáiste comhthaobhachta do tháirgeoirí; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar straitéis dístocála chun tionchar diúltach ar fheirmeacha beaga áitiúla i dtíortha bochta a sheachaint;
17. á chur i bhfáth go bhfuil constaicí breise roimh mhná atá ag obair i réimse na talmhaíochta leorchothaithí ó thaobh biafhlaithes a choinneáil de mar gheall ar an gcosaint láidir atá á déanamh ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV) ar chineálacha nua plandaí i gcomhaontuithe trádála;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	7.9.2020
Toradh na vótála críochnaithí	+: 43 -: 1 0: 4
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Cristian Ghinea, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirbakas, Bronis Ropè, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Comhaltáí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Manuel Bompard, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz, Christine Schneider, Marc Tarabella, Thomas Waitz

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

43	+
EPP	Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Christine Schneider, Annie Schreijer-Pierik, Juan Ignacio Zoido Álvarez
S&D	Clara Aguilera, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Paolo De Castro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Marc Tarabella
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Cristian Ghinea, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Ulrike Müller
Greens/EFA	Anna Deparnay-Grunenberg, Martin Häusling, Tilly Metz, Bronis Ropé, Thomas Waitz
ECR	Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová
EUL/NGL	Manuel Bompard, Luke Ming Flanagan, Chris MacManus
NI	Dino Giarrusso

1	-
ID	Ivan David

4	0
ID	Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh